The Property Registration Authority
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

2018
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Ag éascú idirbhearta réadmhaoine
i saol atá ag athrú

Ár Misean

Frámaíocht dhlíthiúil, shochaíoch agus eacnamaíoch na húinéireachta maoine in Éirinn a chothú agus a chosaint. Bainfear é seo amach ach córas iontaofa um chlárúchán teidil a chothú agus a shíneadh, rud a ráthaíonn cearta maoine agus a éascaíonn idirbhearta maoine.

Clár

Ról an Údaráis Chlárúcháin Maoine 2

Misean agus Luachanna 3

Baill den Údarás agus an Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta 4

Forbhreathnú an Phíomhfheidhmeannaigh 5

Dul Chun Cinn i leith Cuspóirí

Cuspóir 1: Céadchlárú Éigeantach (CÉ) 7

Cuspóir 2: Mapáil Dhigiteach 8

Cuspóir 3: ríomh-Chlárú 9

Cuspóir 4: Frámaíocht Reachtach 10

Cuspóir 5: Seirbhís Chustaiméara a Fhorbairt 12

Cuspóir 6: Seirbhís Chustaiméara a Chothú 16

Cuspóir 7: Forbairt Eagraíochtúil 19

Cuspóir 8: Rialachas Corparáideach 21

Cuspóir 9: Dílárú 24

Cuspóir 10: Cóiríocht Oifige 25

Tuarascáil Airgeadais – Achoimre 2008 26

Scrúdan Seachtrach 28

Dámhachtana 30

Aguisín 31

Teagmhálacha 39

Ról an Údaráis Chlárúcháin Maoine

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM), ar an 4 Samhain 2006. Ar na bealaí lárnacha ina gcuireann an tÚdarás Clárúcháin Maoine le geilleagar na hÉireann tá clár um theideal talún a sholáthar agus urrúis a rathú dóibh siúd a dhéileálann le maoin.

Tá dhá chóras ar leithligh ann chun idirbhearta maoine a thaifeadadh in Éirinn:

- Córas státurraithe clárúcháin teidil a d'fheidhmigh Clárlann na Talún roimhe seo
- Córas chun gníomhais a thaifeadadh a d'fheidhmigh Clárlann na nGníomhas roimhe seo.

Tar éis achtú an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, tá an dá chóras faoi rialú an Údaráis Chlárúcháin Maoine, arb é a phríomh-shainchúram reachtúil clár talún na hÉireann a chomhlánú, rud a thabharfaidh leis córas aonair um chlárúchán teidil a thacaíonn le polasaithe an Rialtais maidir le riarachán talún, lena n-áirítear clárúchán leictreonach, tíolacadh leictreonach agus bonneagar um Shonraí Spásúla na hÉireann atá ag teacht chun cinn.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis Chlárúcháin Maoine:

1. Córas um chlárúchán Teideal agus Gníomhas a sholáthar agus a chothú de réir na reachtaíochta iomchuí
2. Clárúchán Úinéireachta talún a chothú agus síneadh a chur leis
3. Déileáil le hiarratais faoi Chuid 3 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978
4. An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a choinneáil ar an eolas maidir le clárúchán úinéireachta talún chun cuidiú leis nó léi polasaí a cheapadh maidir leis an gclárúchán sin
5. Eolas iontaofa cuimsitheach agus seirbhísí deimhniúcháin a sholáthar
6. Inmharthanacht airgeadais a chothú.

Misean agus Luachanna

Is é Misean an Údaráis Chlárúcháin Maoine:

Frámaíocht dhlíthiúil, shochaíoch agus eacnamaíoch na húinéireachta maoine in Éirinn a chothú agus a chosaint. Bainfear é seo amach ach córas iontaofa um chlárúchán teidil a chothú agus a shíneadh, rud a ráthaíonn cearta maoine agus a éascaíonn idirbhearta maoine.

Déanfaidh an tÚdarás Clárúcháin Maoine a ghnó a stiúradh ag cloí leis na luachanna seo a leanas:

SEIRBHÍSÍ DÁR GCUSTAIMÉIRÍ

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta do sheirbhís den chéad scoth a sholáthar dá chustaiméirí, ar seirbhís í atá éasca a úsáid trí mheáin éagsúla.

LEAS AN PHOBAIL

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta do chur i ngníomh a fheidhmeanna ar mhaithe le leas an phobail ar bhealach oscailte trédhearcach.

TIOMANTAS DON FHOIREANN

Is mór ag an Údarás Clárúcháin Maoine díograis a fhoirne agus tá an tÚdarás tiomanta do thacú leis an bhfoireann sin i soláthar seirbhíse den chéad scoth dá chustaiméirí agus i bhforbairt a ngairmeacha laistigh den eagraíocht

RIALACHAS AGUS LUACH AR AIRGEAD

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta do chloí le dea-rialachas, le hionracas, agus le stiúradh a ghnó ar bhealach costéifeachtach.

COMHAIRLIÚCHÁN

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tiomanta don chomhairliúchán lena pháirtithe leasmhara ina fhorbairt leanúnach agus ina sholáthar seirbhísí.

Baill den Údarás agus an Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Gerry McCaughey (Cathaoirleach)

Michael Cahill

Seamus Carroll

Brid Carter

Emer Daly

Michael Edwards

Michael Kelly

John Shaw

Roderick Tyrrell

Máire R. Whelan

Una Woods

An Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta

Catherine Treacy (Príomhofigeach Feidhmiúcháin)

Paul Brent

Diarmuid Clancy

John Deeney

Fran Leahy

Brian Kelly

John O'Sullivan

Frank Treacy

Michael Treacy

Forbhreathnú an Phíomhfheidhmeannaigh

Agus Tuarascáil Bhliantúil an Údarás Clárúcháin Maoine do 2008 á chur i láthair agam táim lánfheasach i dtaobh na n-athruithe i dtocsa na heacnamaíochta ina bhfeidhmímid. Tá foireann agus bainisteoireacht an ÚCM cheana féin ag oiriúnú do na hathruithe sin. Ar a shon sin, tá sé tábhachtach a chur ar taifead, mar a léiríonn an tuarascáil seo, go raibh bliain an-rathúil ag an eagraíocht seo agus go bhfuil aghaidh á tabhairt aici ar na dúshláin atá romhainn leis an taithí agus leis an muinín a ghnóthaíodh trí mhórán bacainní a shárú san am atá caite.

Leagann an Plean Straitéiseach don Údarás Clárúcháin Maoine amach na cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht atá aontaithe idir an Aire agus an tÚdarás. Is áthas liom a chlárú go ndearnadh dul chun cinn suntsach ar gach ceann de na cuspóirí sin i rith 2008 agus tá mioninsint ar na gnóthachtana maidir le gach cuspóir ar leith sa tuarascáil seo. Tá sásamh ar leith ag baint leis an bhfíric gur baineadh amach aschur níos mó ná riamh (mhéadú 11.1% ar an gcuriarracht ab fhearr roimhe seo) agus laghdaíodh ollmhéid an riaráiste um chás-oibre sa bhliain chéanna leis an dara ardú tógála ba mhó riamh i saol na heagraíochta. Ba mhaith liom mo bhuíochas do gach aon duine a chuidigh leis seo a bhaint amach a chlárú.

Bliain ab ea í chomh maith ina ndearnadh dul chun cinn suntasach in ár ndhá mórthionscadal infreastruchtúrtha:- ceapadh sonraí na faisnéise téacsúil ón gclár agus digitiú na dteorainní clárúcháin. Tá an dá thionscadal seo riachtanach dár gcuid pleananna do chlárú leictreonach agus do thíolacadh leictreonach agus tá mioninsint orthu áit eile sa tuarascáil seo. Tá an dá thionscadal ar sceideal le críochnú in 2009 agus 2010 faoi seach.

Tháinig Ordú Aireachta ag síneadh céadchlárú éigeantach (CÉ) do shé chontae breise i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair agus anois is ann do dhá chontae dhéag ina bhfuil feidhm ag CÉ. Déanfar a thuilleadh dul chun cinn suntasach in 2009 trí CÉ a shíneadh go dhá chontae dhéag breise.

Comhthreormhar leis na céimeanna comhthreormhara seo, tugadh isteach a thuilleadh athchóirithe do Chlárlann na nGníomhas mar a tugadh an Ceiliúradh Trí Chéad chun críche ar bhealach cuí trí athruithe teicneolaíochta agus foireann nua Rialacha agus Foirmeacha atá ag teacht níos mó leis an 21ú hAois a thabhairt isteach. Tá fáilte curtha roimh na hathruithe seo ag ár gcustaiméirí i gcéin agus i gcóngar agus chuidigh infhaighteacht áise ar-line um thógáil foirme leis an rathúlacht seo.

Ar chuid dár gclár leanúnach d'fheabhsuithe próiseas ghnó feidhmíodh céimeanna eile le

FORBHREATHNÚ AN PHÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

hatheagrú na bpróiseas oibre agus le clár athmhúnlaithe ar ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge. Chuir an clár seo ar chumas an ÚCM teacht as an gcóiríocht a bhí á háitiú againn in Ionad Irish Life ó 1994 agus í a thabhairt ar lámh d'Oifig na nOibreacha Poiblí do mhalairt úsáide. Mar chuid den chlár seo rinne OOP uasghrádú ar ár nOifig Phoiblí i Sráid na Seansaireachta rud a chur ar chumas an ÚCM ocht gcinn de chuntair phoiblí a chumasc in aon láthair amháin agus sholáthair sin seirbhís feabhsaithe dár gcustaiméirí agus úsáid níos éifeachtaí na foirne.

Tá athrú leanúnach ina gné riachtanach de chláir rathúla TFC. Beidh Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS) an ÚCM 10 mbliana d'aois i mbliana. I rith 2008 tugadh faoi mhór-uasghrádú ar ár n-infreastruchtúr TFC, agus tháinig dá thoradh acmhainn méadaithe ríomhaireachta, bandaleithead sínte cumarsáide agus córas feidhme feabhsaithe dár gcustaiméirí agus dár bhfoireann. Soláthraíonn an t-uasghrádú seo spás don ÚCM lena thuilleadh seirbhísí ar-líne a thabhairt isteach sna blianta atá romhainn. Mar chuid dár bpróiseas leanúnach um athruithe tá sé i gceist Córas Bainistíochta Faisnéise Athchoimreachta (RAMIS) Chlárlann na nGníomhas, a seoladh in 1990, a chomhtháthú go hiomlán in ITRIS i rith 2009. Soláthróidh seo a thuilleadh feabhsuithe dár gcustaiméirí agus éifeachtúlachtaí breise dá bhfeidhmiúcháin.

Aitheantas eile fós ar luach agus rath chóras agus seirbhísí an ÚCM, ab ea an dara Dámhachtain um Fheabhas na Seirbhíse Poiblí ag searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 18ú Aibreán 2008.

Chuir seo uile ar chumas an ÚCM tógáil don todhchaí. Agus seo á scríobh tá an chéad eilimint de tiolacadh leictreonach in Éirinn, tionscadal r-urscaoilte an ÚCM, atá go hiomlán gan pháipéar, seolta go rathúil. Tá beartaithe anois dul ar aghaidh go dtí modúil eile um thíolacadh leictreonach.

Mar a luadh thuas, is léir go bhfuil an ÚCM ag feidhmiú anois i dtimpeallacht fíordhúshlánach eacnamaíochta agus bainistíochta, ina mbeidh buiséad laghdaithe agus foireann níos lú ag an eagraíocht. Is é dúshlán a bheidh romhainn ná leanúint den leibhéal feabhsaithe seirbhíse ar a bhfuil taithí acu a sholáthar i gcónaí dár gcustaiméirí. Cé go dtiocfaidh laghdú gan amhras ar an iontógáil oibre i rith 2009 tá cuid mhór cás-oibre idir lámha ag fanacht ar chlárú. Tá beartaithe a thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le laghdú na hoibre seo agus sinn ag dul chun cinn le mórchuspóir an ÚCM – síneadh eile fós ar chéadchlárú éigeantach.

Táim cinnte, mar a tharla leis na dúshláin uile a bhí romhainn san am atá caite go n-éireoidh le dea-obair foirne go hinmheánach, ag foireann thiomanta dhíograiseach, i gcomhar le cur chuige gníomhach maidir le rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara, an ÚCM a chumasú lena shlí a dhéanamh chun a thuilleadh torthaí rathúla sa timpeallacht nua.

Catherine Treacy PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Dul Chun Cinn i leith Cuspóirí

Cuspóir 1: Céadchlárú Éigeantach (CÉ)

Cur i gcrích Chlár Talún na hÉireann a chur chun cinn ach síneadh a chur le Céadchlárú Éigeantach (CÉ) agus stop a chur le fás na dteideal neamhchláraithe.

Ag teacht lena mandáid reachtúil lean an tÚdarás go gníomhach ar fheidhmiú na straitéisí agus na roghanna a bhí ar fáil le clárú teidil a fhadú.

- De bhun I.R. Uimh. 81 de 2008, síneadh Céadchlárú Éigeantach (CÉ) do Chontaetha An Chláir, Chill Chainnigh, Lú, Shligigh, Loch Garman agus Chill Mhantáin ón 1ú Deireadh Fómhair 2008.
- Aistríodh 8,342 teideal neamhchláraithe ó chóras na ngníomhas go dtí córas na dteideal, i gcomparáid le 6,341 in 2007, méadú de 31.56%.
- Mhéadaigh deimhniú deonach teidil i gceantair chéadchlárú éigeantaigh (CÉ) go suntasach de thoradh ar fhorfheidhmiúchán rathúil ar chlár for-rochtana ag úsáid sainscileanna foirne gairmiúil an Údaráis le tacaíocht ag faisnéis chuimsitheach ar-líne.
- Tá ionadaíocht ag an Údarás ar an nGrúpa Oibre Aireachta a bunaíodh le scrúdú a dhéanamh ar an gcás ghnó do shíneadh CÉ bunaithe ar dheimhnithe éigeantaigh ar theideal ag aturnaetha.

Faoi láthair, meastar go bhfuil tuairim is 95% den mais talún agus breis is 87.5% de na teidil cláraithe i gClárlann na Talún anois.

Is féidir fás leanúnach an Chláir a fheiceáil i líon iomlán na bhfóilió a bhí beo ag deireadh na 4 bliana seo caite:

2005	2006	2007	2008
1,716,662	1,770,233	1,808,552	1,849,388

Cuspóir 2: Mapáil Dhigiteach

Éascú a dhéanamh ar thionscnaimh ríomh-thíolactha agus ríomhchlárúcháin ach feidhmiú céimneach a dhéanamh ar an Tionscadal Mapála Digití, agus é mar chuspóir deiridh comhshó iomlán ar gach dáileacht talún a bhaint amach faoin mbliain 2010.

Leanadh de Thionscadal na Mapála Digití i gcaitheamh 2008 agus críochnaíodh na contaetha Ros Comáin, Átha Cliath (a thug líon na ndáileacht digite thar 1 milliún) Shligigh, Chill Dara, an Chabháin agus Chorcaí. Dá thoradh seo bhí thart ar 1.5 dáileacht ar fáil do chásphróiseáil. Bhí líon na gcontaetha ina ndéantar na clárúcháin uile ar dháileachtaí nua a phróiseáil ag úsáid na teicneolaíochta mapála digití ar 15 faoi dheireadh 2008.

Agus seo á scríobh, tá 11 chontae fágtha, agus tá Dearbhú Cáilíochta á dhéanamh ar Chontae Luimnigh faoi láthair agus meastar go mbeidh sé beo i bhFeabhra 2009. Tá Contaetha Mhaigh Eo agus Dhún na nGall á n-ullmhú do dhigitiú faoi láthair. Tá an chéim seo ar sprioc agus laistigh dá buiséad le críochnú i lár 2010.

Mar thoradh ar an gclár digitithe, tá rochtain ag custaiméirí ar na sonraí digiteacha seo trí sheirbhís landdirect.ie. Tá 4,000 idirbheart nua mapabhunaithe in aghaidh an lae curtha leis na hidirbhearta laethúla reatha a dhéantar tríd an seirbhís seo ag na seirbhísí mapabhunaithe seo agus tá faisnéis níos cuimsithí ar leibhéal na n-idirbheart leagtha amach in Aguisín 4.



Mapa Digiteach ÚCM ag léiriú clárúchán forleagtha ar fhótagraif SoÉ

De thoradh Thionscadal na Mapála Digití, forbraíodh an áirithe sin seirbhísí nua i rith 2008 ina measc an Mapa Cláraithe Speisialta agus áis leictreonach Cuardaigh Ceantair. Tá beartaithe a thuilleadh sínte a dhéanamh ar raon na seirbhísí atá á soláthar ag úsáid sonraí na mapála digití in 2009.

Cuspóir 3: ríomh-Chlárú

Cur leis an gclár ríomhthíolactha ach ullmhú le haghaidh fheidhmiú céimneach an chláir um Chlárúchán Teidil go leictreonach (ríomhchlárúchán) agus tús a chur leis.

Ag teacht le polasaí an Rialtais forbairt a dhéanamh ar chóras r-Thíolacais, thionscain an ÚCM a Thionscadal r-Chlárúcháin féin in 2007.

Bunaíodh Bord Tionscadail le stiúradh a dhéanamh ar an tionscadal agus, ag admháil tábhachta rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara i bhforbairt chórais rathmhar, tugadh cuireadh d'ionadaithe an Ollchumainn Dlí, Comhairle Morgáiste na hÉireann, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a bheith ar an mbord.

Ba é céad chéim an tionscadail seo ná forbairt ar chóras ar-líne le hurscaoileadh a dhéanamh ar mhorgáistí, ar a dtugtar r-Urscaoilte, a forbraíodh i bpáirtíocht leis an Ollchumann Dlí agus le Comhairle Morgáiste na hÉireann. Déanfaidh an córas nua cumasú ar institiúidí iasachtaithe cealú a iarraidh ar mhuirir chláraithe trí mhodh leictreonach gan a bheith orthu aon pháipéar a chur isteach chuig an ÚCM.

Tá forbairt ar acmhainn e-Urscaoilte ag an ÚCM lárnach d'fhorbairt ar chóras náisiúnta um chlárú teideal (r-Chlárú). Beidh seoladh e-Urscaoilte ina chomhartha chomh maith ar sheachadadh an chéad eilimint de e-Thiolacadh in Éirinn.

Ceapadh Sonraí Fóiliónna

D'fhonn tacaíocht a thabhairt do pholasaí an Rialtais um fhorbairt chórais r-Thíolacaidh, thosaigh an ÚCM in 2008 ar thionscadal le sonraí a cheapadh, i bhformáid lándigite, an stoic uile a bhí fágtha ina raibh 800,000 éigin fóilió.

Ar lorg próisis tairisceana, ceapadh sainchuideachta le dul i mbun aistrithe na sonraí. Thosaigh céim ceaptha sonraí an tionscadail go luath in 2008 agus fuair sé tacaíocht ó bhuíon d'fhoireann ÚCM in ár n-oifig i Ros Comáin, a rinne deimhniú cáilíochta ar na sonraí nuair a tháinig siad ar ais ón mbiúró. Ceapadh líon substaintiúil fóilió faoi dheireadh na bliana agus meastar go mbeidh an tionscadal críochnaithe in am, agus laistigh den bhuiséad, roimh dheireadh 2009. Beidh seo ina chomhartha fearann tábhachtach i dtacaíocht ar e-Thíolacadh in Éirinn.

Cuspóir 4: Frámaíocht Reachtach

A chinntiú go bhfuil na forálacha reachtacha agus na Treoracha Cleachtais i bhfeidhm chun na cuspóirí a bhaint amach.

Tháinig Cuid 3 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil (ag soláthar do nua-aoisiú seirbhísí Chlárlann na nGníomhas) i bhfeidhm ar an 1ú Bealtaine 2008. Tháinig na Rialacha Nua um Chlárú Gníomhas 2008 i bhfeidhm ar an dáta sin faoi I.R. 52 de 2008. Ina dhiaidh sin, bunaíodh "grúpa oibre" ar Dhréacht Rialacha agus Treoracha Cleachtais, a rinne, i rith 2008:

- Moltaí don Údarás, le faomhadh, ar Treoracha Cleachtais ar Phróisis nua Chlárlann na nGníomhas, ar glacadh leo ar an 21ú Aibreán 2008.
- Machnamh ar dhréacht de Rialacha Chlárúcháin na Talún 2008, ag soláthar d'iarratais ar bhealach leictreonach ar chealú muirear cláraithe. Tháinig na Rialacha (a rinne Coiste Rialacha Chlárlann na nGníomhas agus Teidil) i bhfeidhm ar an 1ú Meán Fómhair 2008.
- Mhol go dtabharfadh an tÚdarás faomhadh do Threoracha nua Cleachtais maidir le clárú orduithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994 agus Acht um Cheartas Coiriúil 1996, moladh ar glacadh leis ar an 21ú Aibreán 2008.
- Mhol go rachadh an tÚdarás i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara (ina measc an tOllchumann Dlí) maidir lena riachtanais faoin "Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 agus Acht Dlí Teaghlaigh 1995. Rinneadh an comhairliúchán in 2008 agus pléifear Treoracha Cleachtais leasaithe in 2009.

Chuaigh an obair chun cinn chomh maith maidir le hathruithe Rialacha agus athbhreithniú ar chleachtais ag eascairt ó dhigitiú mhapa Chlárlann na Talún. Meastar go bhfeidhmeofar Dréacht-rialacha Cláraithe Talún agus Treoir Chleachtais nua maidir leis an gceist seo i rith 2009.

Beidh an próiseas e-Urscaoilte faoi rialú ag foireann nua Rialacha, (S.I. 326 of 2008), a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Meán Fómhair 2008 agus beidh an córas beo go luath in 2009.

Rinneadh dul chun cinn maidir le hathruithe Rialacha agus athbhreithniú cleachtas ag eascairt ó thosú an Achta um Dhlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008. Déanfar machnamh ar Dhréacht-rialacha um Chlárú Talún agus um Chlárú Gníomhas agus Treoir Chleachtais nua maidir leis an ábhar seo go luath in 2009.

Faoi Alt 4 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006, rinneadh aisghairm ar na hAchtanna uile faoinar fheidhmigh Clárlann na nGníomhas roimhe sin (Acht um Chlárú

DUL CHUN CINN I LEITH CUSPÓIRÍ

Gníomhas 1707, 1709, 1721, 1785, Acht Chlárlann na nGníomhas (Éire) 1822, 1832) agus cuireadh ina n-áit forálacha nua mar atá leagtha amach i gCuid 3 den Acht (Ailt 32 go 49). Tosaigh Cuid 3 d'Acht 2006 ag feidhmiú ar an 1ú Bealtaine 2008.

Thosaigh na Rialacha um Clárlann na nGníomhas agus Ordú Táillí nua, a soláthar do nua-aoisiú Chlárlann na nGníomhas, ag feidhmiú ar an lá sin chomh maith. Ba iad na príomhathruithe ar na rialacha ná:

- foirm iarratais nua-aoise a chur in áit an meabhracháin
- Cuardach Oifigiúil a chur in áit na nGnáthchuardach agus na gCuardach Diúltacha
- Sraith Uimhir a chur in áit Leathanach an Leabhair agus chóras na nUimhreacha
- socrú tosaíochta gníomhas in ord a lóisteála

Cuspóir 5: Seirbhís Chustaiméara a Fhorbairt

Ionchais an chustaiméara a réamh-mheas agus a chomhlíonadh maille leis na héilimh margaidh atá ann cheana féin, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

EULIS

Ar an 21ú Samhain 2006, rinneadh ball de Sheirbhís Eolais Talún na hEorpa (EULIS) den ÚCM. Is é is ollaidhm do EULIS ná éascú a dhéanamh ar iasachtú trasteorann, tosca níos fearr a chruthú d'iasachtaithe agus d'iasachtóirí i Margadh Creidmheasa na hEorpa, ag úsáid an idirlín mar mheán le rochtain ar fhaisnéis faoi chlárú talún.

Faoi láthair, tá deich mball (Sasana agus an Bhreatain Bheag, Albain, An Ísiltír, An Ioruaidh, An tSualainn, An Ostair, An Fhionlainn, An Liotuáin, An Íoslainn agus Éire) atá sásta oibriú le chéile ar bhonn comhoibrithe. Ó Nollaig 2007 tá seirbhís mhear agus éasca rochtana ar-líne ag custaiméirí gairmiúla www.landdirect.ie an ÚCM ar fhaisnéis agus seirbhísí um chlárú talún i mórán de thíortha eile na hEorpa.

Tá a thuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin EULIS ag www.eulis.eu

Cumann Chlárlanna Talún na hEorpa (ELRA)

Bunaíodh Cumann Chlárlanna Talún na hEorpa (ELRA) in 2004 aus bhí Éire ar cheann de na baill bunaithe agus tá sé ag fás agus ag leathadh riamh ó shin. Is príomhchuspóir ag an gcumann seo forbairt agus tuiscint ar ról chlárúcháin talún i margaí réadmhaoine agus caipitil. Soláthraíonn ELRA fóram úsáideach chomh maith do dhíospóireacht agus tá ról suntasach aige maidir leis na baill a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha ar leibhéal AE.

Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) - Meitheal Oibre ar Riarachán Talún (WPLA)

Bunaíodh Meitheal Oibre UNECE ar Riarachán Talún in 1999 d'fhonn riarachán talún a chur chun cinn trí dhaingneacht tionachta, fhorbairt a dhéanamh ar mhargaí réadmhaoine agus nua-aoisiú na gcóras clárúcháin i dtíortha ar stáid idirlinne.

Tá WPLA forbartha mar líonra éifeachtach ag oifigigh riaracháin talún san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Feidhmíonn sé trí shaineolaithe neamhspleácha a chur go tíortha ECE le comhairle a thabhairt ar pholasaí agus le moltaí a dhéanamh ar chlár náisiúnta ar fhorbairt ar mhargadh talún agus ar chlárúchán réadmhaoine.

Líonra Ceathairthaobhach na gCeithre Chlárlann

Le blianta anuas tionóladh cruinnithe ar bhonn bliantúil idir ionadaithe na gcomhlachtaí clárúcháin talún do Shasana agus an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann agus an ÚCM le plé agus thaiscéaladh a dhéanamh ar raon de cheisteanna leasa coitinn. Ó bunaíodh é tá an áirithe sin foghrúpaí curtha le chéile le dul i gcomhairle agus le tuairisciú ar raon topaic ag áireamh treochtaí agus gníomhaíocht ghnó, tiolacadh/clárúchán leictreonach, tagarmharcáil, aistrithe ciste, slándáil chóras agus forbairtí eile idirnáisiúnta.

Cuairteoirí ar na Clárlanna

Fearadh fáilte roimh raon de chuairteanna, ar an dá Chlárlann, ag daoine aonair agus ag grúpaí i rith 2008. I measc na gcuairteoirí ar ár n-oifigí bhí toscaireacht ó Aireacht Tailte, Tithíochta agus Forbartha Uirbí Uganda a ndearnadh óstaíocht orthu mar chuid de chlár Chúnamh Éireann.

Grúpa Fócais Custaiméara

Tháinig an fóram seo le chéile mórán uaire i rith 2008. Sholáthair na cruinnithe seo deis leanúnach do chomhairliúchán ar raon de cheisteanna agus do leathadh faisnéise ar aon athruithe a bhí á bpleanáil nó á dtabhairt isteach.

Grúpa Úsáideoirí GIS

I bhfianaise na forbartha leanúnaí ar sheirbhísí agus ar tháirgí de bhun ár dTionscadal na Mapála Digití aithníodh gá a bheith ann le fóram ar leith le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhí ag teacht chun cinn. Agus seo i gceist bunaíodh Grúpa Úsáideoirí GIS a thug le chéile ionadaithe ó Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, Fiontair Stáit, an saol acadúil agus na comhlachtaí ionadaíochta do shuirbhéirí. Tháinig an grúpa le chéile dhá uair i rith 2008 agus tá a thuilleadh cruinnithe beartaithe do 2009.

Seimineáir

Réimse foráis gníomhaíochta le blianta beaga anuas is ea rannpháirtíocht foirne an ÚCM i seimineáir, comhdhála agus cúrsaí traenála do ghrúpaí éagsúla. Bhí oifigigh ÚCM rannpháirteach agus rinne léiriúcháin ar raon de thopaicí ag semineáir agus cúrsaí éagsúla traenála d'aturnaetha agus do chustaiméirí eile i gcaitheamh 2008. Chuimsigh sin:

GNÉITHE DE CHÉAD CHLÁRÚ/CE

- Law Society of Ireland, Clare Bar Association,

MAPÁIL DHIGITEACH/LANDDIRECT.IE

- Comhdháil GIS Éireann
- Cumann na Suirbhéirí Cairte
- BSL
- Teagasc
- Cumainn Bharra sa Chlár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach, Port Láirge, Loch Garman agus Laois
- Comhairle Contae Ros Comáin
- Bord na Mona
- Ranna eile Rialtais

R-CHLÁRÚ AGUS R-THÍOLACADH

- Scoileanna Dlí (Baile Átha Cliath agus Corcaigh)
- Tascfhórsa an Ollchumann Dlí ar r-Thíolacadh
- An Coimisiún Athchóirithe Dlí

- Cumainn Bharra i gCill Dara, Loch Garman, Cill Chainnigh, Lár Tíre, Gaillimh, Maigh Eo, An Mhí, Ros Comáin
- Comhdháil Bhliantúil Maoine agus Tiolacaidh (Ollchumann Dlí)
- Comhairle Morgáiste na hÉireann

ÚSÁID CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS I DTAIGHDE GHINEALAIGH

- Cumann Ginealais na hÉireann

RIALACHA AGUS FOIRMEACHA CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

- BSL

Rochtain ar Áiseanna

Tá suíomh gréasáin an ÚCM géilliúil anois do Leibhéal AA Géilliúlachta do Threoirlínte Rochtana ar Ábhar Gréasáin an W3C.

Seirbhís trí Ghaeilge

Foilsíodh Scéim Ghaeilge an ÚCM 2007-2010 in 2007 agus cuireadh timpeall é chuig na príomheagraíochtaí Gaeilge chomh maith lena chur ar fáil do chleachtóirí dlí ag seimineáir éagsúla a óstaíodh ar fud na tíre a eagraíodh i gcomhar leis na cumainn bharra áitiúla. Tá an scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin chomh maith.

Rinneadh athchóiriú agus athsheoladh ar an leagan Béarla den suíomh gréasáin www.prai.ie ar an 15 Feabhra 2008. Mar chuid dár n-uasghrádú ar ár suíomh gréasáin seoladh suíomh gréasáin comhthreormhar Gaeilge níos déanaí in 2008.

Ag teacht leis an tiomantas a tugadh inár Scéim, bíonn gach aon ábhar nua seasta a chuirtear lenár suíomh Béarla ón 15 Feabhra 2008 ar an suíomh Gaeilge chomh maith cé is moite de na Treoracha Cleachtais agus na fógraí dlíthiúla oifige atá ina gcineál teicniúil dlíthiúil.

Soláthraíodh cúrsa saincheaptha traenála do bhaill na foirne Gaeilge i rith 2008. Tá cúigear dár bhfoireann in ár n-oifig i bPort Láirge agus ceathrar inár bhfoirgneamh i Sráid na Seansaireachta ar fáil le seirbhís i nGaeilge a sholáthar ag na cuntair phoiblí sna foirgintí sin. Cuirtear faisnéis maidir leis na cúrsaí Gaeilge atá ar fáil ar inlíon na foirne. Tá mionsonraí ar ár scéim Gaeilge cuimsithe in ár gcúrsaí uile Traenála um Sheirbhís do Chustaiméirí.

In Aibreán 2008, rinne Oifig an Choimisinéara Teanga athbhreithniú ar fhorfheidhmiúchán ár scéime. Tá na moltaí a rinneadh ina dtuarascáil curtha i bhfeidhm ó shin.

Cuspóir 6: Seirbhís Chustaiméara a Chothú

Seirbhís chustaiméara den chéad scoth a sholáthar laistigh d'aga freagartha sainithe agus de réir caighdeáin cháilíochta chinntithe. Bainfear é seo amach ar na bealaí seo a leanas:

(a) Stop a chur le fás na riaráistí cásanna ar láimh, agus

(b) Luathú a dhéanamh ar laghdú na riaráistí cásoibre thar thréimhse 3 bliana.

Clárlann na Talún

I rith 2008 cláraíodh laghdú ar oll-líon an riaráiste ar na cásanna idir lámha. Sa phríomhchatagóir d'obair "Déileálacha" laghdaíodh an riaráiste ó 214,545 go 210,655. De thoradh ar ár gcuid leibhéal feabhsaithe táirgíochta cuireadh feabhas chomh maith ar am aga slánúcháin do chásanna. Tá mionsonraí ar na leibhéil ghníomhaíochta i gcatagóirí éagsúla leagtha amach anseo thíos agus tá a thuilleadh staitisticí in Aguisín 2.

Críochnaíodh 253,132 iarratas ar chlárúchán i rith 2008 mar a leanas:

Déileálacha	246,512
Céad-chlárú – bunaithe ar scrúdú teidil	3,275
Iarratas faoi Alt 49	1,370
Iarratais Bunchíosanna	1,620
Iarratais Choimisiún na Talún	355
Iomlán	**253,132**

Chiallaigh an t-iomlán seo de 253,132 críochnuithe go ndearnadh 572,604 clárúchán nua i gcaitheamh na bliana. Bhí líon iomlán na ndéileálacha a críochnaíodh ina churiarracht nua agus ba mhéadú 12.7% é ar leibhéal 2007. Tá sonraí níos iomláine ar aschur do 2008 agus comparáid le blianta roimhe seo leagtha amach in Aguisín 2.

Clárlann na nGníomhas

Rinneadh 94,350 clárúchán i gClárlann na nGníomhas i rith 2008 agus ba laghdú 5.6% é seo ar na barrleibhéil a taifeadadh in 2007. Leanann an Chlárlann ag cothabháil seirbhíse "cothrom le dáta".

Bunchíosanna

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine an Scéim Cheannaigh Bunchíosanna faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2) 1978 faoinar féidir le hÚinéir ar mhaoin léasa a mBunchíosanna (leas ruílse) a cheannach trí chomhthoiliú nó trí phróiseas eadrána. Thosaigh an scéim seo in 1978 agus ó shin i leith, tá a gcuid bunchíosanna ceannaithe ag 81,862 iarratasóir agus tá feo simplí a dtithe cónaithe faighte acu faoin scéim dhílsithe deimhnithe.

Lean an ÚCM air ag oibriú na scéime in 2008, tráth a mhéadaigh an iontógáil ar iarratais chomhthoiliú 9% [826 i gcomparáid le 757 in 2007] agus laghdaigh aschur cásanna dá leithéid 25% [595 i gcomparáid le 798 in 2007]. Tharla an laghdú seo de thoradh atreoraithe foirne go cásobair eile agus méadú ar na cásanna faoi cheist.

Tharla méadú 16% i rith na bliana [ó 989 go 830] san iontógáil ar iarratais eadrána. Tháinig feabhas ar an aga slánúcháin do chásanna dá leithéid in 2008 agus ní raibh ach 94 cás ar feitheamh don Eadránaí ag deireadh 2008 i gcomparáid le 177 ag deireadh 2007.

Íocadh iomlán de €191,000 in 2008 i leith iarratas ar airgead ceannaigh i gcomparáid le €130,000 in 2007. Tá mionsonraí ar an ngníomhaíocht in 2008 agus na figiúir inchomparáide do 2006 agus 2007 sa tábla in Aguisín 5.

Seirbhísí Leictreonacha

Rianaíonn an tábla seo a leanas líon iomlán na suibscríobhaithe agus leibhéal méadaithe úsáide ar ár seirbhísí ar-líne ón chéad bhliain iomlán seirbhíse in 2000.

Year	2000		2005	2006	2007	2008
Líon na n-úsáideoirí gairmiúla	1,700		9,500	10,900	12,741	13,872
Líon na n-idirbhearta ar-líne	0.2 milliún		1.7 milliún	2.1 milliún	2.9 milliún	3 milliún

Cuimsíonn líon na n-idirbheart ar-líne seirbhísí, idirbhearta agus gníomhaíochtaí táille agus neamhtháille ar bhain ár gcustaiméirí feidhm astu. Cuimsíonn sé chomh maith iarratais leictreonacha ar chlárú (r-Fhoirm 17), fiosruithe ó chustaiméirí maidir le stádas reatha iarratais agus an áirithe sin de sheirbhísí maidir lenár seirbhís mapála digití.

DUL CHUN CINN I LEITH CUSPÓIRÍ

Suíomh gréasáin

Leanann ár suíomh gréasáin ag fás mar mheicníocht cumarsáide agus mar thairseach faisnéise dár gcustaiméirí go landdirect.ie. Déanadh athdhearadh agus nuashonrú ar an suíomh seo i rith 2007 agus déanadh beoú air luath in 2008. Is féidir luach na seirbhíse seo dár gcustaiméirí a thomhas ar an leibhéal úsáide a bhaintear as, a chuimsíonn:

PRA website was redesigned and upgraded.

- Tugadh 2.8 milliún turas ar an suíomh ar a raibh 4 milliún amharc leathanaigh
- Amharcadh ar leathanach baile an www.prai.ie 1.6 milliún uair geall leis
- Déanadh rochtain ar leathanach baile landdirect.ie geall le 1.2 milliún uair.
- Rinneadh rochtain ar leathanach nua r-Fhoirmeacha Chlárlann na nGníomhas breis is 140,000 uair.
- Déanadh rochtain ar Threoracha Cleachtais breis is 110,000 uair
- Tugadh turas ar an mír Deimhniúchán Teidil 23,000 uair geall leis
- Rinneadh 180,000 turas aonair ar an suíomh

Spriocanna Seachadta Seirbhíse

Baineadh amach na spriocanna um sheachadadh seirbhísí do cóipeanna deimhnithe d'fhóiliónna a iarradh trí landdirect.ie i gcaitheamh 2008 agus sáraíodh iad ar uaire.

Tá an sprioc ar eisiúint chóipe deimhnithe d'fhóilió/pleananna comhadaithe trí landdirect.ie socraithe ar 80% le heisiúint laistigh de 1 lá oibre. Cé gur baineadh amach an sprioc seo i mórán tréimhsí den bhliain, tharla tréimhsí eadrannacha nuair a sáraíodh an sprioc-fhráma ama beagán.

Sáraíodh an sprioc do Chuardaigh Mhapa Oifigiúla i rith 2008, tráth a críochnaíodh 99.06% de na cuardaigh laistigh de 5 lá.

Sáraíodh an sprioc ar infhaighteacht uimhreacha tagartha do déileálacha a lóisteáladh tríd an bpost nó ag cuntair phoiblí i gcaitheamh 2008. Bhí uimhreacha tagartha déileála ar fáil trí landdirect.ie laistigh de 1 lá ó lóisteáil.

Baineadh amach na spriocanna uile um sheachadadh seirbhísí a leagadh amach i gCairt do Chustaiméirí Chlárlann na nGníomhas i rith 2008.

Cuspóir 7: Forbairt Eagraíochtúil

Eagraíocht shofhreagrach sholúbtha a chothú a bhfuil an cumas aici na cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach.

Ar an 8ú Iúil 2008 d'fhógair an tAire Airgeadais go mbeadh ar na Ranna, na Gníomhaireachtaí Stáit agus na hÚdaráis Áitiúla uile – cé is moite de Shláinte agus Oideachas – a mbille párolla a laghdú 3% faoi dheireadh 2009. Lena chois sin, tarraingíodh siar an chistíocht d'fhoireann áirithe shealadach ó dheireadh 2008.

Tá beartais áirithe aitheanta ag an ÚCM le laghdú a dhéanamh ar an mbille párolla, ina measc laghdú ar líon na foirne. Níor líonadh folúntais agus rinneadh imscaradh ar fhoireann áirithe go hoifigí eile. Bhí foireann de 686 duine fostaithe ag an ÚCM ag deireadh 2008 i gcomparáid le 706 ag deireadh 2007, laghdú de 4%.

Ar an 31ú Nollaig 2008 dob ann do:

- 752 duine, i 685.905 post dlíthiúil, riaracháin agus teicniúil san ÚCM
- 209 ball foirne (28% den bhfórsa oibre) ag baint leasa as roghanna postroinnte

D'fhág 51 ball foirne an tÚdarás Clárúcháin Maoine in 2008 trí éirí as, dul ar scor, aistrithe agus sosa gairme. Rinneadh eagrú ar earcaíocht foirne, buan agus sealadach, trí na Seirbhísí Ceapacháin Phoiblí. D'aistrigh foireann isteach san Údarás chomh maith de bhun chlár díláraithe an Rialtais. Tháinig 33 de bhuan fhoireann (5% de na poist údaraithe) isteach san ÚCM i rith 2008. Lena chois sin, earcaíodh 44 ar chonarthaí sealadacha i rith 2008 le folúntais le linn téarma a chlúdach.

Mar a fheictear ó Aguisín 6 bhí malartú foirne in 2008 níos ísle ná mar a bhí le blianta roimhe sin. Chuir ÚCM isteach ar agus fuair ceadúnas d'earcaíocht dá chuid féin ón gCoimisiún um Cheapacháin na Seirbhíse Poiblí ar an 12ú Márta 2008 rud a chuireann ar a chumas a chuid earcaíochta féin thar a ceann féin a dhéanamh más gá.

Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha

Tá an Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha neadaithe laistigh den eagraíocht anois agus úsáidtear é le bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe uile na feidhmíochta foirne.

Le cois a gcuidiú le hobair na heagraíochta, tá mórán d'fhoireann an ÚCM rannpháirteach i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha lasmuigh den eagraíocht. Go háirithe, go

DUL CHUN CINN I LEITH CUSPÓIRÍ

traidisiúnta, tapaíonn an fhoireann an deis le deontais a thabhairt do charthanachtaí ainmnithe um fhéile na Nollag. In 2008 dheonaigh an fhoireann in oifig Phort Láirge airgead do Breadline, eagraíocht do dhaoine gan dídean i bPort Láirge agus, trí Chumann Uinsionn de Pol, chuir siad féiríní do leanaí ar fáil um Nollaig. Thug an fhoireann in oifigí Bhaile Átha Cliath deontas do Chumann Ailse na hÉireann.

(Féach Aguisín 6 ag deireadh na tuarascála seo d'uimhreacha comparáideacha foirne le blianta roimhe seo).

Comhpháirtíocht

Bunaíodh an córas foirmeálta Páirtíochta in 1998, agus tá ról tábhachtach á chomhlíonadh aige i gcónaí i seachadadh seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí agus i rannpháirtíocht na foirne i gClár Nua-aoisithe na Seirbhíse Poiblí. D'aontaigh na Páirtnéirí Sóisialta le hAthbhreithniú agus le Comhaontú Idirthréimhseach 2008-2009 faoin bpríomh *Chomhaontú I dTreo 2016* i dtreo deireadh na bliana agus i Samhain 2008 chuir Tuarascáil an Tascfhórsa ar an Seirbhís Phoiblí béim ar an ról agus ar na dúshláin don Chomhpháirtíocht i bhforfheidhmiú a cuid moltaí.

Laistigh den ÚCM, tháinig an coiste Comhpháirtíochta le chéile 3 huaire i rith 2008. Atheagrú eagraíochta an ÚCM, réasúnú na cóiríochta oifige i mBaile Átha Cliath agus comhtháthú na ngrád na príomh nithe a pléadh i rith na bliana. D'aontaíodh an chéad dá mhír agus críochnaíodh a bhforfheidhmithe cuid mhaith faoi dheireadh na bliana. Ar an drochuair níorbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh ar mholtaí do chomhtháthú na ngrád ag an am seo. Leanadh chomh maith d'fhorfheidhmiúchán Plean Gníomhaíochta an ÚCM faoi *I dTreo 2016* i rith 2008.

Féach Aguisín 7 do bhaill an Choiste Comhpháirtíochta.

Cuspóir 8: Rialachas Corparáideach

A chinntiú go gcuireann an eagraíocht a feidhmeanna i gcrích i dtimpeallacht a léiríonn na caighdeáin iomchuí um rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais agus rialú airgeadais.

Rialachas agus cuntasacht

Bhunaigh An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Tá sé comhdhéanta de 11 ball a cheapann an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Forfheidhmíonn an Príomhfheidheannach polasaithe agus cinnte an Údaráis agus tá an PF freagrach don Údarás trí chéile maidir le rialachas agus feidhmíocht. Cuireann an Príomhfheidheannach tuarascálacha faoi bhráid an Údaráis ar na ceisteanna uile a bhaineann le forfheidhmiú straitéisí agus cuspóirí an ÚCM, ina measc tuarascálacha airgeadais agus Clár Riosca an ÚCM, agus pléann an tÚdarás iad agus tugann faomhadh dóibh ag a chruinnithe rialta. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn Phlean Straitéiseach an ÚCM faoi bhráid an Údaráis déanach in 2008 agus tá an dul chun cinn a rinneadh ar an bplean i rith 2008 sonraithe ar fud na tuarascála seo. Bíonn baill den Údarás rannpháirteach chomh maith i gComhghrúpaí Oibre an Údaráis/na Foirne agus tá ionadaíocht acu ar Choiste Iniúchta an ÚCM.

Tá an Príomhfheidheannach ina hOifigeach Cuntasachta agus sa cháilíocht sin freagrach go pearsanta don Oireachtas i leith na cistíochta uile a vótáiltear don ÚCM le seirbhísí a sholáthar. Ní mór do Oifigeach Cuntasachta cuntas a ullmhú in aghaidh na bliana, ar chaiteachas agus ar fháltais, ar a dtugtar an Cuntas Leithghabhála, agus an cuntas seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Is féidir ansin an tOifigeach Cuntasachta a ghairm don Choiste um Chuntais Phoiblí le fianaise a thabhairt ar an gCuntas.

Rialachas agus Creat Rialála Foriomlán

Tá an Rialachas agus Creat Rialála Foriomlán faoina n-oibríonn an tÚdarás, faoi threoir go príomha ag na moltaí ón nGrúpa Oibre ar Chuntasacht na hArd-Rúnaithe agus na gCeannasaithe Oifige (Tuarascáil Mullarkey), in éineacht leis na Próisis Airgeadais Phoiblí, mar a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Mar a leanas atá príomhghnéithe an Chreat Rialachais sin:

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Is ann do Choiste Iniúchóireachta comhdhéanta den áirithe sin ball lasmuigh den ÚCM, agus beirt bhall den Údarás agus ball den bhfoireann, ó 2007. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú agus measúnú ar obair an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí. Déanann an Coiste athbhreithniú chomh maith ar chur chuige an Údaráis do Bhainistíocht Riosca. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta in 2008.

AN TAONAD INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ

Déanann an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí iniúchadh ar fud raon ghníomhaíochtaí an Údarais ina measc Airgeadas, feidhmiúchán agus rialachas. Rinneadh seacht gcinn d'iniúchtaí in 2008. Cuireadh na tuarascálacha uile go díreach faoi bhráid an Oifigigh Chuntasachta agus an Choiste Iniúchóireachta.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Coimeádtar Clár Riosca ag teacht le treoirlínte an Roinn Airgeadais ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir ceaptha le deimhin a dhéanamh de go n-aithnítear agus go ndéantar measúnú ar rioscaí agus go nglactar leis le gníomhaíochtaí cuí maolaithe nuair a cheadaíonn acmhainní sin.

Tiomsaíonn an Bhainisteoireacht Shinearach an Clár Riosca agus cuirtear faoi bhráid bhaill an Údaráis é in aghaidh na ráithe.

Cosaint Sonraí

Tosaíodh ar athbhreithniú ar threoirlínte an ÚCM um Chosaint Sonraí in 2008 agus foilsíodh dhá Fhógra Oifige nua ar Chosaint Sonraí. Chlúdaigh siad sin:

1. Cearta agus freagrachtaí faoi na hAchtanna CS agus

2. Sonraí pearsanta na foirne.

Tá siad seo ar na cinn tosaigh de shraith d'Fhógraí Oifige nuashonraithe um Chosaint Sonraí, agus i dteannta a chéile, beidh siad ina bpolasaí athbhreithnithe um Chosaint Sonraí ag an ÚCM. Leanfaidh an tionscadal seo in 2009.

Soláthar

Tá na gníomhaíochtaí uile um sholáthar an ÚCM faoi threoir ag na Treoirlínte agus na Polasaithe um Sholáthar Poiblí a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Is ann do chreat de phróisis soláthair ag cuimsiú leithscaradh dualgas, tuairisciú rialta bainistíochta agus córas údaraithe caiteachais. Iarrtar faomhadh foirmeálta ar an Roinn Airgeadais ag gach aon chaiteachas lastuas de thairseach áirithe.

D'fhonn a dheimhniú go leanfaidh an tÚdarás ag cloí leis an gcleachtas is fearr soláthair, tá sé i gceist Plean Soláthair Chorparáideach a fhorbairt in 2009.

Tuarascáil Airgeadais

Tá córas cuimsitheach Tuarascála Airgeadais laistigh den Údarás Clárúcháin Maoine;

- Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach forbhreathnú airgeadais do bhaill an Údaráis in aghaidh na míosa;
- Chuirtear tuarascálacha foirmeálta ar fhíorchaiteachas i bhfrithshuíomh le buiséid chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Airgeadais in aghaidh na míosa;
- Cuirtear ioncam ó Tháillí a fhaightear chuig an Státchiste in aghaidh na seachtaine.
- Ullmhaítear an Cuntas Leithghabhála Bliantúil agus cuirtear chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste é;
- Soláthraítear tuarascálacha ábhartha agus tráthúil ina mbíonn faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais don Bhainisteoireacht Shinsearach.

De dhroim bainistíochta leantaí ar chaiteachas in 2008 baineadh amach na spriocanna buiséid maidir le caiteachas reatha agus caipitil araon.

Cuspóir 9: Dílárú

Athlonnaigh cuid d'oibríochtaí an Údaráis i Ros Comáin de bhun chlár díláraithe an Rialtais.

I dtreo deireadh 2008, d'fhógair an Rialtas go raibh athbhreithniú déanta aige ar an gclár díláraithe agus d'aithin eilimintí tosaíochta ar cheart forfheidhmiú a chur chun cinn orthu ag an am sin. Bhí dílárú ar chuid den ÚCM go Ros Comáin ar cheann de na tionscadail a aithníodh. De bhun an chinnte seo tá an ÚCM ag leanúint dá fhorfheidhmiú ar a thionscadal díláraithe.

Tá Céim 1 den fhorfheidhmiúchán cuid mhaith críochnaithe. Faoi dheireadh 2008 bhí 86 éigin den bhfoireann lonnaithe i gcóiríocht shealadach oifige i gcoimpléisc Thithe an Rialtais ar Bhóthar an Chlochair, Ros Comáin. Seachadadh dianchlár traenála don bhfoireann seo i rith 2008 agus bhí tacaíocht leanúnach ar fáil ó fhoireann le taithí ó oifigí Bhaile Átha Cliath agus Phort Láirge. Rinne méadú taithí na foirne nua cumasú ar raon níos fairsinge próiseála cás in oifig Ros Comáin i rith 2008.

Aistríodh an teideal ar an láithreán do bhfoirgneamh sceidealta i Ros Comáin go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí in 2007. I rith 2008 roghnaigh an OOP an tairgeoir roghnach don tionscadal tógála.

Mar chuid den dílárú níos leithne scaoileadh 14 ball foirne ón ÚCM go dtí Ranna agus oifigí eile i rith 2008.

Cuspóir 10: Cóiríocht Oifige

Cuir cóiríocht oifige iomchuí ar fáil don eagraíocht.

Mar chuid d'ollchlár claochlaithe eagraíochta an ÚCM tionscnaíodh tionscadal le cóiríocht i mBaile Átha Cliath a réasúnú. Rinneadh uasghrádú ar ár nOifig Phoiblí i Sráid na Seansaireachta rud a chumasaigh 8 gcinn d'oifigí a bhíodh ag feidhmiú ó thrí fhoirgneamh éagsúla a thiomsú in aon láthair amháin rud a sholáthair seirbhís feabhsaithe dár gcustaiméirí agus úsáid níos éifeachtaí ar acmhainní. Bua eile a bhain leis seo ná gur éiríomar as an gcóiríocht a bhí á háitiú againn in Ionad Irish Life ó 1994 agus í a thabhairt ar lámh d'Oifig na nOibreacha Poiblí do mhalairt úsáide.

I rith 2008, de thoradh na hoibre a rinneadh, aistríodh sé oifig phoiblí in ár n-oifigí i bPort Láirge go dtí aon láthair amháin laistigh den bhfoirgneamh.

Tugadh faoi fheabhsuithe suntasacha ar ár n-áis stórála i Seantrabh chomh maith i rith 2008.

Tuarascáil Airgeadais – Achoimre 2008

Ioncam

Tháinig na táillí a fuair an tÚdarás Clárúchán Maoine in airgead tirim, seiceanna, stampaí ioncaim etc., go €65.6m in 2008 i comparáid le €79.7m in 2007. Ba laghdú de €14.1m nó 18% é seo thar ioncaim 2007.

Caiteachas

Rinneadh fíorchaiteachas as Vóta an Údaráis Chlárúcháin Maoine do 2008 de €46.2m (i gcomparáid le €41.5m do 2007 – méadu de 11%) rud ab ionann le breis ioncaim ar chaiteachas de €19.4m (i gcomparáid le €38.2m do 2007).

Den suim iomlán de €46.2m a caitheadh, caitheadh €32.9m ar tuarastail agus ar ragobair; b'ionann seo agus 71% den ollchaiteachas. I rith 2008, mhéadaigh an caiteachas ar thuarastail agus ragobair faoi €2.5m nó 8% thar 2007.

Bhí Iomlán Caiteachais Reatha de €41.1 ann in 2008 i gcomparáid le €37.9m do 2007 (méadú de €3.2m).

Bhí Caiteachais Caipitil de €5.1m ann in 2008 i gcomparáid le €3.6m do 2007 (laghdú de €1.5m).

Agus na costais seo a leanas san áireamh:

- €3.2m faoi Vóta 7 - Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
- 3.1m faoi Vóta 10 – Oifig na nOibreacha Poiblí (Reatha €1.9m agus Caipiteal €1.2m)
- Cíosanna nóiseanacha €4.3m ar mhaoin Stáit

méadaíodh an caiteachas iomlán in 2008 go dtí €56.8m rud a fhágann breis nóiseanach d'ioncam thar chaiteachas de €8.8m do 2008 (i gcomparáid le €26.4m do 2007).

Ciallaíonn an t-iomlán seo laghdú €17.6m nó 66% ar 2007.

Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is é polasaí an Údaráis Chlárúcháin Maoine é géilleadh go iomlán do théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997. Tá próiseas curtha ann ag an ÚCM lena chinntiú go n-íoctar gach aon sonrasc laistigh den teorainn reachtúil ama. Cé gur dearadh na próisis le géilliúlacht don Acht a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach cinnteacht réasúnta nach ionann is amach is amach in aghaidh neamhghéilliúlacht ábhartha don Acht.

In 2008 thuill iomlán de 30 sonrasc pionóis um íocaíocht dhéanach. Bhí luach €214,042 san iomlán ar na sonraisc uile a íocadh déanach. Ionann seo agus 1% de na híocaíochtaí ar fad a thit laistigh de théarmaí na Rialachán. D'íocadh iomlán úis de €768 ar íocaíochtaí déanacha in 2008.

ÚCM Achoimre Airgeadais 10



Scrúdan Seachtrach

Is ann don áirithe sin meicníochtaí breise le fíorú agus dearbhú a dhéanamh ar cháilíocht ghníomhaíochta agus seirbhíse an ÚCM. Cuimsíonn sin:

Grúpa Deimhnithe Feidhmiúcháin

I mBealtaine 2008, chuir an ÚCM tuarascáil ar dhul chun cinn ar fhorfheidhmiúchán a chlár nua-aoisithe chuig Ard-Rúnaí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a dhearbhaigh an dul chun cinn ina dhiaidh sin ar mhíreanna leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta an ÚCM faoi *I dTreo 2016* Chuimsigh seo tabhairt isteach Rialacha nua um Chlárú Gníomhas, A thuilleadh sínte ar Chéadchlárú Éigeantach agus réamhobair ar an gcéad chéim de Chlárú Leictreonach. Tá sonraí ar na tionscadail seo áit eile sa tuarascáil seo.

Ceisteanna Parlaiminte

- Fuarthas 752 r-phost via reps@prai.ie - Bosca poist a bunaíodh d'aon toisc le plé le ceisteanna ó bhaill den Oireachtas. Déileáladh laistigh de 48 n-uaire an chloig leis na cumarsáidí uile a fuarthas i rith 2008.
- Cuireadh síos agus freagraíodh 5 Ceist Pharlaiminteach le baill den Oireachtas in 2008. Bhain 1 le hiarratais ar chlárúchán agus dob ann do 4 nár bhain le clárúchán.
- Fuarthas agus déileáladh le 88 litir/ uiríoll ó TD-anna agus Seanadóirí i rith 2008.

Tá líon na gníomhaíochta i réimse na CP laghdaithe go mór ón leibhéal a bhí ann i mblianta roimhe seo. Tá fianaise ann go bhfuil an córas nua do bhaill den Oireachtas lena gceisteanna a chur isteach go leictreonach ag oibriú go han-mhaith.

Oifig an Ombudsman

- Fuarthas 10 litir ó Oifig an Ombudsman maidir le gearán a fuair an oifig sin. Próiseáladh iad uile go tráthúil i rith 2008.

Próiseas Gearán

- Fuarthas 9 ngearán foirmeálta i rith 2008 agus déileáladh leo faoi phróiseas um ghearáin an ÚCM.

Iarratais Saorála Faisnéise

Nuair a bunaíodh an ÚCM in 2006, tháinig Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas faoi rialú agus faoi bhainistíocht na heagraíochta nua agus dílsíodh san Údarás na taifid uile a bhí i seilbh na gClárlanna.

Tá socruithe idir lámha faoi láthair leis an ÚCM a chur ar an sceideal chun críche SF agus tá na Rialacháin chuí á ndréachtadh faoi láthair. Meastar go gcríochnófar an próiseas seo in 2009.

Ar a shon sin, toisc mórán de na taifid atá i seilbh an ÚCM a bheith ar fáil don phobal sa ghnáthshlí leanfaimid orainn ag déileáil le fiosruithe ón bpobal maidir le rochtain ar thaifid lasmuigh den reachtaíocht SF.

Dámhachtana

Fuair Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS) an Údaráis Chlárúcháin Maoine Gradam Feabhais na Seirbhíse Poiblí ag searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 18ú Aibreán 2008.

Aithníonn Gradaim Feabhais na Seirbhíse Poiblí, a bhronnann an Taoiseach gach dara bliain, an tiomantas, an chruthaíocht agus an nuálaíocht atá laistiar de thionscadail thábhachtacha a chuireann le luach na seirbhísí poiblí a úsáideann na saoránaigh.

Ba bhailiú eile fós an dámhachtain seo ar rathúlacht tionscnamh éagsúla an ÚCM, a aithníodh roimhe sin ag raon de pháirtithe le blianta anuas.

Catherine Treacy, Príomh-Oifigeach ag fáil dámhachtana um Fheabhas na Seirbhíse Poiblí ón Taoiseach Mr Bertie Ahern TD

Aguisín

Aguisín 1

Achoimre Airgeadais 1999 go 2008

	Ioncam €	Caiteachas €	Breis €
1999	30,520,749	25,112,953	5,407,796
2000	43,241,436	27,101,290	16,140,146
2001	46,940,178	33,748,457	13,191,721
2002	46,756,661	37,926,803	8,829,858
2003	56,722,653	41,287,974	15,434,679
2004	64,069,840	42,903,579	21,166,261
2005	69,057,542	45,493,585	23,563,957
2006	78,756,868	49,276,688	29,480,180
2007	79,699,655	53,255,544	26,444,111
2008	65,569,135	56,762,071	8,807,064

AGUISÍN

Aguisín 2

Sreabhadh Oibre Chlárlann na Talún – na Catagóirí Uile

Chun críche comparáide léiríonn an tábla seo na figiúir do 2008, 2007 agus 2006 ar an 31ú Nollaig.

Cineál Iarratais	Bliain	Iontógáil	Aschur	Cásanna faoi fhiosrú	Obair idir lámha
DÉILEÁLACHA	2008	243,917	246,512	34.250	176,405
	2007	260,180	217,954	31,921	182,624
	2006	242,476	220,072	35,617	139,029
SCRÚDÓIRÍ AGUS CÁSANNA AILT 49	2008	4,199	4,645	5,384	6,802
	2007	4,951	4,216	4,505	6,349
	2006	4,205	4,035	4,347	5,703
IARRATAIS BUNCHÍOSANNA	2008	1,656	1,620	813	434
	2007	1,746	1,914	897	338
	2006	1,576	1,585	965	441
CÁSANNA CHOIMISIÚN NA TALÚN	2008	48	355	669	2,982
	2007	120	510	736	4,179
	2006	464	1,385	878	3,812
PLEANANNA COMHADAITHE & CÓIPEANNA FÓILIÓNNA	2008	211,499	211,660	N/A	5,685
	2007	201,475	200,523		5,846
	2006	219,477	217,126		4,894
FAOMHADH MAPA SCÉIME	2008	1,034	882	102	50
	2007	1,986	1,671	N/A	1,818
	2006	2,082	1,520	N/A	1,385
CÓIP IONSTRAIMÍ	2008	10,619	10,420	172	2,052
	2007	11,578	11,353	N/A	2,620
	2006	12,331	11,943	N/A	2,477
CUARDAIGH OIFIGIÚLA MAPA	2008	3,328	3,327	N/A	89
	2007	4,067	4,067		0
	2006	5,417	5,451		96

Nótaí:

1. Tá meastachán de 1,500 cás déanta maidir le hiarratais a taifeadadh roimh 2008 mar "Dhéileálacha" agus a athraíodh ina dhiaidh sin go "Cásanna Scrúdaitheora". Cé nach bhfuil aon toradh aige seo ar oll-líon na gcás a próiseáladh ciallaíonn sé maolaisnéis ar na cásanna ar dhéileáil scrúdaitheoirí leo agus rómhaíomh ar an líon a próiseáladh ag rannóga déileála.

AGUISÍN

2. Rinneadh iniúchadh ar an riaráiste ar chásanna Choimisiún na Talún in 2008 agus tá leasú déanta ar an riaráiste mar atá léirithe thuas le léiriú a dhéanamh ar an bhfíorlíon atá fágtha le próiseáil. Tógann an figiúr leasaithe ceann de chásanna a críochnaíodh ach nár taifeadadh amhlaidh i gcaitheamh na mblianta.
3. Tá ar riaráiste ar fhaofa an mhapa scéime leasaithe le ceann a thógáil den bhfíorfhigiúr atá ar fanacht le próiseáil a bhí rómhaíte i mblianta roimhe seo.
4. Cuimsíonn an iontógáil de chóipeanna d'fhóiliónna agus de phleananna comhadaithe 8,307 iarratas mar a ath-eisíodh fóilió nó plean comhadaithe gan táille.

ACHOIMRE

Iarratais Críochnaithe	253,132*
Líon na n-idirbhearta	419,432
Líon na gCláruithe	572,604

*Cuimsíonn Déileálacha, iarratais Céadchlárúcháin, Alt 49 , Choimisiún na Talún agus Bunchíosanna.

I rith 2008 osclaíodh 77,204 fóilió nua agus leasaíodh 302,265 indibhidiúla de bhun na gníomhaíochta thuas.

AGUISÍN

Aguisín 3

Iarratais Faighte

Is iad seo a leanas na leibhéil iontógála sna príomhchatagóirí dár gcuid oibre le trí bliana anuas.

	2008	2007	2006
Iarratais ar Chlárúchán*	248,164	264,747	247,024
Pleananna Comhadaithe & Cóipeanna Deimhnithe Fóilionna	211,499	201,475	219,477
Cóip Deimhnithe Ionstraimí	10,619	11,578	12,331
Cuardaigh Oifigiúla Mapa	3,328	4,067	5,417
Scrúduithe Fóilió	716,650	805,757	743,536
Cuardaigh Ainm-threorach	203,262	225,388	228,919
Iomlán	**1,393,522**	**1,513,012**	**1,456,704**

*Cuimsíonn na figiúir ar "Iarratais" ar chlárú mar a léirítear thuas líon na ndéileálacha, iarratais faoi Alt 49, Céadchlárúcháin agus cásanna Choimisiún Talún na hÉireann a lóisteáladh. Mar atá rianaithe in Aguisín 2 d'fhéadfadh iarratas amháin clárúchán amháin nó scata clárúchán a ghiniúint.

Aguisín 4

Gníomhaíocht um Mapáil Dhigiteach

Léiríonn an tábla seo a leanas leibhéal na gníomhaíochta a dhéantar ar-líne, ag ár gcustaiméirí maidir lenár seirbhís mapála digití, ar baineadh amach acmhainn tomhais dó in 2009. Meicníochtaí roghnacha is ea chuid de na seirbhísí seo le tabhairt faoi chuardaigh agus is seirbhísí nua iad cuid eile díobh. Dá dhroim seo tiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an éileamh ar chuid de na modhanna traidisiúnta cuardaigh mar atá rianaithe in Aguisín 3. De bhrí go mbeidh na staitisticí don leibhéal gníomhaíochta ar bhliain iomlán ar fáil tá sé i gceist na figiúir mar a léirítear in Aguisíní 3 agus 4 a chur i dtábla tógtha ó 2009 ar aghaidh.

Month	Geo-directory search	Townland Index/Map Index search	Inspect Map	Monthly Total
Aibreán	12,373	28,857	36,890	78,120
Bealtaine	11,246	28,009	30,930	70,185
Meitheamh	10,374	24,983	28,107	63,464
Iúil	12,871	33,481	34,263	80,615
Lúnasa	11,561	27,799	29,878	69,238
Meán Fómhair	12,459	29,855	33,183	75,497
Deireadh Fómhair	12,925	30,280	33,647	76,852
Samhain	11,439	28,447	31,424	71,310
Nollaig	8,307	20,592	23,323	52,222
Iomlán do 9 Mí				**637,503**

AGUISÍN

Aguisín 5

Gníomhaíocht um Bunchíosanna

	Bliain	Iontógáil	Aschur
Cásanna Eadrána	2008	830	1,025
	2007	989	1,062
	2006	749	866
Cásanna Toilithe	2008	826	595
	2007	757	798
	2006	826	718
Iomlán	**2008**	**1,656**	**1,620**
	2007	**1,746**	**1,914**
	2006	**1,575**	**1,584**

Aguisín 6

Acmhainní Foirne

	2006	2007	2008
Meán líon na bPost Údaraithe	653	688	705
Meán líon Post Líonta	631	670	685
Foireann ag fágáil	66	64	51
Foireann Sannaithe	88	120	77

Aguisín 7

Baill an Choiste Comhpháirtíochta i rith 2008.

Catherine Treacy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cathaoirleach
Shay Arthur, Ionadaí foirne
Paul Brent, Comhairleoir Léarscáilithe
Diarmuid Clancy, Leaschláraitheoir (Oibríochtaí)
Peter Byrne, FUGE
Seamus Cashman, PSEU
John Deeney, Leas-Chláraitheoir (Dlíthiúil)
Michael Edwards, Ionadaí Foirne
John Flynn, IMPACT Brainse Teicniúla agus Suirbhéireachta
Patricia Grant, Ionadaí Foirne
Jackie Gray, Rúnaí
Karen Gray, Ionadaí Foirne
Declan Hayden, CPSU
Nuala Keaveney, Ionadaí foirne
Fran Leahy, Bainisteoir um Acmhainní Daonna
Andrew Lyons, Ionadaí foirne
Greg McDermott, AHCPS
Celine McGann, Ionadaí foirne
John Murphy, IMPACT Brainse Dlíthiúil
Ernan Tobin, IMPACT Brainse Teicniúla agus Suirbhéireachta
John O'Sullivan, Bainisteoir TFC
John Power, CPSU
Michael Treacy, Bainisteoir um Sheirbhísí Corparáideacha

Aguisín 8

Coistí eile Inmheánacha

- An Coiste Stiúrtha um Chórais Faisnéise
- An Coiste Buiséide
- An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta
- Coiste na Smaointe
- An Coiste Traenála agus Forbartha

Coiste le hionadaíocht Inmheánach agus Seachtrach

- Coiste na Rialacha
- An Grúpa oibre ar Chéadchlárúchán Éigeantach
- An Grúpa Oibre ar na Treoracha Rialacha agus Cleachtais
- An Grúpa Fócais Custaiméara
- An coiste Iniúchóireachta
- Bord an Tionscadail e-Chlárúcháin
- Bord Tionscadail na Mapála Digití

Grúpaí Trasranna

Lean an ÚCM ar a rannpháirtíocht agus chuidigh le raon de ghrúpaí ag déileáil le ceisteanna trasranna. Chuimsigh sin:

- Grúpa Maoirseachta An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Grúpa na nArd-Rúnaithe agus na gCeannairí Oifigí
- Líonra Bainistíochta an Athraithe
- Líonra na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Líonra na nOifigeach Pearsanra
- Líonra Bainisteoirí na CE

Teagmhálacha

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine ar an 4 Samhain 2006. Na priomhfheidhmeanna atá ag an ÚCM ná bainistiú agus rialú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún agus ar Chlárlann na nGníomhas.

Clárlann na Talún

Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7, DX 228
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.- 4.30i.n.

- Contaetha: An Cabhán, Baile Átha Cliath, Cill Dara, Cill Mhantáin, Dún na nGall, Gaillimh, An Iarmhí, Liatroim, Longfort, Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach.

Bóthar Chorcaí, Port Láirge, DX 44090
Fón: (051) 303 000 nó LoCall 1890 333 002
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

- Contaetha: An Clár, Ceatharlach, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman.

Clárlann na nGníomhas

Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1 DX 199
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.00r.n.-4.30i.n.

- Gach contae.

Bunchíosanna

Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7, DX 228
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

- Gach contae.

www.prai.ie

Is é an leagan Béarla an bhunchóip den tuarascáil seo.

Notaí